CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

Title	Idéal na Tuaithe i scríbhinní Pheadair Uí Annracháin (1873–1965)
Authors	Pléimionn, Cáit
Publication date	2025-07-31
Original Citation	Pléimionn, C. (2025) 'Idéal na Tuaithe i scríbhinní Pheadair Uí Annracháin (1873–1965)', Irisleabhar Mhá Nuad 2025, pp. 1-11.
Type of publication	Article (peer-reviewed)
Rights	© 2025, Cáit Pléimionn.
Download date	2026-10-30 19:57:17
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/18759

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

Idéal na Tuaithe i scríbhinní Pheadair Uí Annracháin (1873–1965) [1]

CÁIT PLÉIMIONN

Réamhrá

Rugadh Peadar Ó hAnnracháin ar an 29 Deireadh Fómhair 1873 in Inse na gCiotach, baile beag gar don Sciobairín in Iarthar Chorcaí. Ba iad Seán Ó hAnnracháin agus Máire Ní Dhonnabháin a thuismitheoirí, agus bhí deichniúr clainne acu. D'fhreastail Ó hAnnracháin ar Scoil Náisiúnta Bharrach an Bhile go dtí go raibh ocht mbliana déag d'aois aige, agus d'fhan sé sa bhaile ag obair ar fheirm bheag a athar go dtí gur ghlac sé ról gníomhach chuige féin in Athbheochan na Gaeilge i Samhain 1901, tráth a fuair sé post timireachta le Conradh na Gaeilge.[2] Sna blianta beaga sula bhfuair sé an post, chaitheadh Ó hAnnracháin gach nóiméad saor a bhíodh aige os cionn na leabhar agus é ag foghlaim na Gaeilge.[3] Murab ionann is formhór na dtimirí, agus ainneoin gur chainteoirí dúchais iad a bheirt tuismitheoirí, níor tógadh Ó hAnnracháin le Gaeilge. In iontráil dialainne a scríobh sé ar an 10 Aibreán 1898, tráth a raibh sé fós ag foghlaim na Gaeilge, tugann sé léargas dúinn ar chás na teanga ina bhall dúchais agus is follas nach mbíodh mórán Gaeilge le cloisteáil ann taca an ama sin:

> Is meirg ní'l mórán meas ag na daoine timcheall na h-áite so. Tá Gaedhilge mhaith ag na seanfhear 7 na sean-mná acht níor cuiread i bhfeidhim go minic mar deir siad níor maith dhóibh ann mar níor thuigin an aois óig aon fochail Gaedhilge ...[4]

Bhí air dul sa tóir ar an nGaeilge go neamhspleách agus í a fhoghlaim as a stuaim féin, agus ní foláir nó gur dhein sé amhlaidh le teann díograise:

> Níor ghéilleas den deacaireacht ná den mhagadh – agus deineadh cuid mhaith magaidh fúm toisg gur leanas den fhoghluim. 'Seadh do chaithinn na hoidhcheanta i mbun mo leabhar agus sa ló amuigh fón spéir bhínn ag machtnamh ar a mbiodh léighte agam. Bhí aon mhian amháin am' brosdú, […] an dúil sin eolas bheith agam ar Ghaedhilg mar bhí ag am' athair agus agam' shinnsear rómham. Líon an mian agus an dúil sin mo chroidhe. Thréigeas greann 7 baois agus spórt agus cuideachtanas dfhonn an rud do bhí de dhith orm d'fháil.[5]

---

[1] Déantar tagairt do chóipleabhair éagsúla i gCnuasach Pheadair Uí Annracháin [PÓH] tríd an aiste seo; is é sin cnuasach de pháipéir phearsanta an Annrachánaigh atá le fáil i Leabharlann Boole, i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Níl clárú oifigiúil déanta ar an gcnuasach seo go fóill, agus níl an cnuasach ar fáil don phobal go fóill ach oiread. Deineadh réamhchlárú air, agus is ag tagairt don chatalóg neamhoifigiúil seo atá an t-údar san aiste seo.

[2] 'Peadar Ó hAnnracháin', ainm.ie. Ar fáil ag: https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=79 [Léite 20/03/2025].

[3] 'PÓH 48' in *Cnuasach Pheadair Uí Annracháin*: 165.

[4] PÓH 1: 56.

[5] PÓH 46 [5 Iúil 1918]: 85–86.

Bhí Ó hAnnracháin ina thimire le Conradh na Gaeilge ó 1901 go 1916, agus d'oibrigh sé go dúthrachtach ar son na teanga. Ní hamháin gur shaothraigh sé go dian dícheallach i measc an phobail, ach bhí sé gníomhach i mbun pinn i rith a shaoil chomh maith. Foilsíodh ceithre shaothar dhírbheathaisnéiseacha leis: *Machtnamh Cime* (1933), *Mar Chonacsa Éire* (1937), *Fé Bhrat an Chonnartha* (1944), *Mar Mhaireas é* (1953–1955). Foilsíodh dhá chnuasach filíochta leis, *An Chaise Gharbh* (1918) agus *An Chaise Riabhach* (1937), agus an t-úrscéal *Nuala de Barra* (1944). Cuireadh dráma a scríobh sé dar teideal *Stiana* ar stáitse Amharclann na Mainistreach in 1944. Chaith sé tréimhse mar eagarthóir ar *An Lóchrann* agus ar *Réalt an Deiscirt* chomh maith.

Is i Leabharlann Boole, i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, atá Cnuasach Pheadair Uí Annracháin. Cnuasach cuimsitheach is ea é a bhfuil réimse leathan ábhar ó lámh an Annrachánaigh le fáil ann, agus is luachmhar iad na léargais atá ag teacht chun solais de réir mar a dhéantar clárú agus anailís ar na scríbhinní seo, a bhronn gariníon leis ar an leabharlann in 2023. I measc a pháipéar pearsanta, tá thart ar 70 leabhar nótaí ina bhfaightear nótaí timireachta an Annrachánaigh, a chuid filíochta agus próis féin, agus iontrálacha dialainne ina ndéanann sé machnamh ar an saol. I measc na n-ábhar a bhailigh sé, tá amhráin, filíocht, béaloideas, paidreacha, seanmóirí, agus tras-scríbhinní a dhein sé ar lámhscríbhinní a fuair sé ar iasacht thar na blianta. Anuas air sin ar fad, tá grianghraif, leabhair gearrthóg, agus leabhair síniúchán le fáil chomh maith. Baineann na cáipéisí sa chnuasach leis an tréimhse 1897–1962, agus tugann siad tuiscint níos doimhne dúinn ar ról Uí Annracháin mar thimire, mar scríbhneoir agus mar ghníomhaí teanga.

San aiste seo, taispeánfar an t-ardmheas a léiríonn Ó hAnnracháin ar shaol na tuaithe agus ar ghaois na cosmhuintire ina chuid scríbhneoireachta, agus cífear uaireanta go bhfuil rian den idéalachas le feiscint ar an scríbhneoireacht chéanna, agus í faoi anáil idé-eolaíocht na hAthbheochana. Cé go bhfuil aird tugtha ag scoláirí ar an ról lárnach a bhí ag an scothaicme uirbeach i gcur chun cinn íomhánna idéalaithe de shaol na tuaithe, cuireann an aiste seo dearcadh nua ar fáil trí scrúdú a dhéanamh ar thaithí an Annrachánaigh, mar athbheochanóir agus mar fhear arbh as an dtuath dó araon. Féachfar ar an tslí a ndeachaigh sé i ngleic leis an ngné sin de smaointeoireacht na hAthbheochana, agus déanfar plé ar na slite inar dhein sé athmheasúnú go hindíreach ar na hidéil chéanna níos déanaí ina shaol. Léireofar go dtagann tuiscint níos criticiúla ar shaol na tuaithe chun solais níos déanaí ina chuid scríbhneoireachta agus é ag machnamh ar a thaithí phearsanta agus ar a chúlra féin. Beifear ag dul i ngleic le taithí an Annrachánaigh ar an mbearna sin idir idéil na hAthbheochana agus fírinne shaol na tuaithe, agus bainfear úsáid as foinsí éagsúla chun é sin a dhéanamh; a chuid dialann, nuachtáin agus foilseacháin eile ó thréimhse na hAthbheochana, agus a dhírbheathaisnéisí ina measc.

Bolscaireacht agus meas ar ghaois na cosmhuintire

Mar a dúradh cheana, tá aird ar leith tugtha ag scoláirí ar nós a bhí coitianta i measc athbheochanóirí uirbeacha, is é sin gur deineadh idéalú ar na ceantair thuaithe, agus gur féachadh orthu mar 'a newly discovered and almost foreign space onto which [they] could project their visions of a future, decolonised Ireland.'[6] Cheap ceannairí áirithe, amhail Pádraig Ó Duinnín agus Eoin Mac Néill, gurbh fhiú saol na tuaithe a athchóiriú agus a chur i láthair mar eiseamláir den saol idéalach Gaelach, íomhá a raibh ársaíocht agus cumhacht fé leith ag baint léi.[7] Luann Joep Leerssen gurbh é an 'unspoilt, primitive energy and ebullience of native low culture' a bhí tarraingteach don scothaicme Angla-Éireannach le linn na hAthbheochana, agus gur baineadh leas as an gcultúr sin chun brí agus fuinneamh a thabhairt dá ngluaiseacht

[6] Aidan Beatty (2019) 'The Gaelic League and the spatial logics of Irish Nationalism' in *Irish Historical Studies* 43, uimh. 163: 60.
[7] Ibid.: 67.

féin.[8] Cur chuige coitianta ab ea an t-idéalú seo i bhfeachtas bolscaireachta Chonradh na Gaeilge. Rinneadh saol na tuaithe, go háirithe sa Ghaeltacht, a idéalú agus a nascadh leis an 'bhfíor-Ghaelachas', toisc gur i seilbh na dtuathánach a bhí oidhreacht agus traidisiúin na nGael.[9] Rinneadh é seo ar mhaithe le 'lucht léitheoireachta na Galltachta' a mhealladh agus a spreagadh i dtreo na gluaiseachta, dar le Caitríona Ó Tórna.[10] Bhí go leor fadhbanna i gceist leis an léiriú seo, ar ndóigh, mar thug sé neamhaird ar fhírinne an scéil sna ceantair Ghaeltachta – an bhochtaineacht, teacht chun cinn an Bhéarla, agus an easpa deiseanna fostaíochta san áireamh. Cáineann Brian Ó Conchubhair Conradh na Gaeilge mar gheall ar an 'ollbhéim a leagtaí ar chothú agus ar chaomhnú na teanga seachas ar chruthú fostaíochta nó ar fheabhsú shaol na ndaoine sna ceantair Ghaeltachta'.[11]

Ba nós é an t-idéalú sin a mhair i measc athbheochanóirí áirithe ar feadh na mblianta. Is fíor, mar a léireofar, go raibh baint ag Peadar Ó hAnnracháin leis an bhfeachtas bolscaireachta i dtaobh shaol na tuaithe agus é i mbun timireachta. Is fíor chomh maith céanna go léiríonn a chuid scríbhinní an fíorghrá a bhí aige do shaol na tuaithe. Sa sliocht seo as iontráil dialainne a scríobh sé ar an 18 Deireadh Fómhair 1912, déanann sé machnamh ar 'aoibhneas' na tuaithe, agus is follas gur grá pearsanta atá á chur in iúl aige, seachas grá atá fréamhaithe in idéalachas agus rómánsachas na hAthbheochana:

> Tá a lán breághachta sa t-saoghal so, agus molaim Dia de bharr a bhfeaca féin de go dtí seo. Bfhearr liom ná rud ná luaidhim go bhféadfainn chur-síos i gceart ar an mbreaghacht san agus ar an aoibhneas a mhothuigheas go minic minic lem shaoghal-sa. Ach fé'n dtuaith mothuighim an t-aoibhneas san. Ní maith liom a bhfeicim agus a chloisim ins na sráideanaibh. Is deise liom leaca cnuic nó foill cois faraige nó gleanntán nó sruthán nó sliabh fé aiteann ná na sráideana so go na bhfallaí árda agus a gcúinigheacha agus a bpóirsí cumhanga.[12]

Mar aon lena ghrá don tuath, is minic a thugann Ó hAnnracháin ómós do mhuintir na tuaithe, agus d'fheirmeoirí go háirithe. Tugann sé aitheantas do ghaois na cosmhuintire, go háirithe iad siúd a shaothraíonn an talamh, nó iad siúd a chaitheann saol simplí gan mórán a bheith acu. Feictear go n-aithníonn sé fairsinge eolais na cosmhuintire; eolas domhain nach féidir a fhoghlaim tríd an oideachas foirmiúil, agus is minic a dhéanann sé comparáid idir an chosmhuintir agus an lucht intleachta. Sa sliocht seo óna dhírbheathaisnéis *Machtnamh Cime*, déanann Ó hAnnracháin a mharna ar sheanfhear a raibh sé ag faire air tamall agus é i mbun prátaí a bhaint:

> Ba bhreágh liom dul síos ag cainnt leis an sean-duine sin, féachaint an bhfuil sé sásta leis an saoghal atá aige. Is minic a fuaras ceacht breágh ó shean-duine nár chaith lá riamh ar aon scoil; is minic a dhein duine aca caoch láibe díom; is minic a chuir duine aca ag machtnamh ar an síorraidheacht me díreach chomh maith agus dhéanfadh sagart maith léigheannta de bharr seanmóna cliste. Níl an sean-duine seo thíos ag cuimhneamh ar puinn eile a dhéanamh, b'fhéidir; níl 'na aigne ach ag fanúint leis an nglaodhach.[13]

---

[8] Ibid.
[9] Máirín Nic Eoin (1982) *An Litríocht Réigiúnach*. An Clóchomhar: 15.
[10] Caitríona Ó Torna (2005) *Cruthú na Gaeltachta 1893–1922*. Cois Life: 69.
[11] Brian Ó Conchubhair (2009) *Fin de siècle na Gaeilge: Darwin, a Athbheochan agus Smaointeoireacht na hEorpa*. An Clóchomhar: 41.
[12] PÓH 30: 133–34.
[13] Peadar Ó hAnnracháin (1933) *Machtnamh Cime*. Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais: 175–76.

Sa sliocht seo, tugann Ó hAnnracháin dúshlán don tuiscint gur luachmhaire éirim lucht na hintleachta ná cineálacha eile éirime. D'fhéadfaí a mhaíomh, áfach, gur rómánsú ar chás an tseanfhir atá ar siúl ag Ó hAnnracháin. Samhlaíonn sé sásamh agus suaimhneas intinne leis an seanfhear seo nach bhfuil aon bhrú air, dar leis, ná aon mhianta eile aige sa saol. Luann sé gaois agus spioradáltacht eisceachtúil leis, in ainneoin nár dhuine léannta é. Tá an méid seo ag teacht leis an íomhá den tuathánach idéalaithe a bhíodh á chur chun cinn go minic ag athbheochanóirí áirithe – íomhá a chuir béim 'ar shoineantacht na ndaoine, ar a dtuiscint ar an dúlra agus ar an gcráifeacht a chleacht siad.'[14] Ba ghné lárnach d'obair Chonradh na Gaeilge é féiniúlacht chultúrtha Ghaelach a chothú mar chosaint in aghaidh fórsaí coilíneacha, a raibh sé mar aidhm acu 'to deny the moral integrity of forms of indigenous culture'.[15] Dhírigh athbheochanóirí áirithe ar an íomhá idéalaithe den tuathánach agus an fhéiniúlacht chultúrtha sin á cur chun tosaigh acu. Cuireann léann an iarchoilíneachais béim ar an tábhacht a bhaineann leis an gcultúr dúchais i gcás tír atá ag iarraidh neamhspleáchas a bhaint amach:

> […] the subordination and eradication of native languages, ways of life, and cultural forms under colonization threaten to leave an emergent country politically liberated but still culturally bound to the colonizer after independence.[16]

Go deimhin, tuigeadh do lucht na hAthbheochana go raibh an teanga agus an cultúr Gaelach ceangailte go dlúth le saol na tuaithe, agus dá bhrí sin, cuireadh an-bhéim ar idéal an tsaoil sin mar chosaint ar an scriosadh, an t-imeallú, agus an díluacháil a dhéantaí air sa naoú haois déag.

Chomh maith le haird a dhíriú ar shaol na tuaithe, ba chuid lárnach den obair chéanna béaloideas agus amhráin na dtuathánach a bhailiú, tasc ar dhírigh athbheochanóirí air ó thús na gluaiseachta. Thug Peadar Ó hAnnracháin faoin obair sin go fonnmhar, agus tá moladh faighte aige as a shaothar i ngort an bhéaloidis.[17] Sa leabhar *Fé Bhrat an Chonnartha* (FBAC), déanann Ó hAnnracháin cur síos ar a chuid iarrachtaí ar amhráin Ghaeilge a bhailiú i ndeisceart Chiarraí thart ar an mbliain 1907. Ba ar shaothar an fhile Diarmuid Ó Sé, nó Diarmuid na Bolgaí (c.1755–1846), arbh as Tuath Ó Siosta dó, a bhí Ó hAnnracháin dírithe an tráth sin. Ba léir dó nár mhór an meas a bhí ag muintir na háite ar Dhiarmuid na Bolgaí, agus gur bheag an luach a cuireadh ar a shaothar, toisc gur chaith sé cuid mhaith dá shaol i ngreim ag an mbochtaineacht:[18]

> Ag magadh fúm agus fén ngnó a bhíodh á dhéanamh agam a bhí go leor daoine an uair sin. Fear bocht b'eadh Diarmuid, an dtuigeann tú, agus dar leo níorbh fhiú aon cheapadóireacht a dhéanfadh a leithéid sin do chur síos ná aimsir a chaitheamh á dhéanamh.[19]

Is léir, mar sin, go raibh bá mhór ag Ó hAnnracháin leis an gcosmhuintir. Tuigeadh dó go raibh leochaileacht fé leith ag baint leis an traidisiún béil, agus go raibh sé ríthábhachtach amhráin agus seanchas na cosmhuintire a chaomhnú. Is féidir an tuiscint agus an bhá seo a rianú siar go dtí na blianta a chaith sé ag foghlaim na Gaeilge, sula bhfuair sé post timireachta leis an

---

[14] Ó Torna (2005) *Cruthú na Gaeltachta 1893–1922*: 130.
[15] P.J. Mathews (2003) *Revival: The Abbey Theatre, Sinn Féin, the Gaelic League and the Co-operative Movement*. Cló Ollscoile Chorcaí: 25.
[16] Tymocsko, M. & Ireland, C. (2003) 'Language and Identity in Twentieth-Century Ireland' in *Éire-Ireland* 38 (1&2): 7–8.
[17] Mar shampla, féach Daly, E. (2008) 'The Decline of the Irish Language and the Rise of the Gaelic League' in *Skibbereen and District Historical Society Journal (Cumann Staire an Sciobairín is a Cheantar)* 4: 136–39.
[18] 'Diarmuid Ó Sé', ainm.ie. Ar fáil ag: https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1225 [Léite 25/03/2025].
[19] Ó hAnnracháin (1944) *Fé Bhrat an Chonnartha*: 197.

gConradh fiú. Ar an 13 Meán Fómhair 1898, i gceann de na hiontrálacha dialainne is luaithe atá sa chnuasach, scríobhann Ó hAnnracháin:

> Nuair do bhidheas 7 beirt buachaill eile ag sgoireachta an oidhche fá dheireadh ag tigh ár g-comhrain Seaghan Na Scartadh do chualamar an sgeul so a innsint ann. Is maith an Seanchuidhe é an Seán…[20]

Leanann sé air agus déanann sé an scéal a d'inis a chomharsan a scríobh amach ina iomláine – scéal a bhain le cruatan shaol na cosmhuintire agus leis an athrú teanga a tharla san ochtú agus sa naoú haois déag in Éirinn. Is follas ón méid seo go raibh spéis ag Ó hAnnracháin i gcaomhnú scéalta na cosmhuintire fiú sula raibh aon bhaint aige le Conradh na Gaeilge.

Cé gur soiléir é an meas a bhí ag Ó hAnnracháin ar ghlór na cosmhuintire, éiríonn an scéal níos casta nuair a fhéachtar ar chúpla sampla spéisiúil a thugann spléachadh ar an bpáirt a ghlac sé i bhfeachtas bolscaireachta Chonradh na Gaeilge. I ndán dar teideal 'A Chlanna Maithe Éireann', a scríobh Ó hAnnracháin i mí an Mhárta 1911, pléann sé le hábhar na himirce. Is duairc an léiriú a dhéanann sé ar shaol an imircigh 'atá thall go tabhartha tnáidhte/ buadhrtha creachta cráidhte/ gan neart gan spioraid gan adhbhar/ gan sláinte gan bhrígh.'[21] Úsáideann sé friotal áibhéalach chun béim a leagan ar an gcodarsnacht idir dhá chineál saoil; saol na tuaithe in Éirinn agus saol an imircigh thar lear. Cuireann sé comhairle ar dhaoine óga na tíre:

> A Mhuintear óg na hÉirean
> an saoghal fén dtuaith ná tréigidh
> mar is ann is fearr is féidir
> bheith Gaedhealach de ghnáth.[22]

Is mar shaol idéalaithe a chuireann sé saol na tuaithe i láthair tríd an dán; dar leis, tá 'beatha 7 sláinte', 'ceannas 7 grásta', 'obair […] don láidir' agus 'socaireacht don tláth-lag' le fáil ann.[23] Iarrann sé ar na daoine óga fanacht faoin tuath agus leas a bhaint as na buntáistí ar fad a bhaineann léi. Faightear an chomhairle chéanna sna dánta 'Dán ón dTuaith' agus 'Tréig an Chathair', cuir i gcás, a scríobh Ó hAnnracháin agus a foilsíodh in *An Claidheamh Soluis* ar an 11 Meán Fómhair 1915 agus an 16 Nollaig 1916 faoi seach. In 'Dán ón dTuaith', labhraítear go díreach leis an léitheoir:

> An chathair mhór tréig
> A chara mo chléibh,
> As tar chugham fé dhéin na mbánta
> Mar a chloisfeam an ceol
> Ná aithnigheann an brón
> As go dearbh mar gheobham deagh-shláinte.[24]

Tá an t-idéalú seo ar shaol na tuaithe agus an tagairt don dea-shláinte a bhaineann leis ag réiteach le smaointeoireacht Chonradh na Gaeilge, dar ndóigh.[25] Déanann sé cur síos ar

---

[20] PÓH 1: 91.
[21] PÓH 28: 56.
[22] Ibid.: 57.
[23] Ibid.: 58.
[24] 'Dán ón dTuaith' in *An Claidheamh Soluis*, 11 Meán Fómhair, 1915, Irish Newspaper Archives: 2.
[25] Ó Conchubhair (2009) *Fin de siècle na Gaeilge: Darwin, a Athbheochan agus Smaointeoireacht na hEorpa*: 66.

aoibhneas agus suaimhneas na tuaithe, 'i bhfad ó'n nglór díomhaoin/ mar cloistear ó dhaoine i sráidibh'.[26]

Tosaíonn an dán 'Tréig an Chathair' leis an smaoineamh céanna: 'Tréig an chathair sin feasda, a mhúirnin chaoin'.[27] Cuireann sé saol na tuaithe agus saol na cathrach i gcomparáid le chéile arís sa dán seo, ag cur béime ar ghleo agus torann na cathrach agus ar dhrochbhéasa na ndaoine a mhaireann ann. Cáineann sé iad as a bheith róthógtha leis an ábharachas, agus luann sé an dochar a dhéanann an truailliú aeir don tsláinte:

> Gráin liom an chathair, as na tramanna bhíonn a' rás
> As na sluaighte go tapaidh a' taisdeal gach uair san áit
> Gan, "Dia do bheatha," ná "bail ort," ná "conus táir,"
> Ag éinne ghá labhairt go caradach leat sa tsráid.
>
> A' déanamh airgid caithid a saoghal san áit
> As cuid eile ghá chaitheamh go haindeis 'ar ghnó gan áird,
> Smúit as deatach go farsing san aer de ghnáth,
> 'gnóthaí ghá gcleachta a mheathluigheann go hóg a mbláth.[28]

Críochnaíonn an dán le gealltanas faoi shaol idéalaithe a chaitheamh faoin tuath, agus is trua nár éirigh leis an Annrachánach an gealltanas céanna a chomhlíonadh ina shaol féin, mar a phléifear ar ball:

> Och! Tréig an chathair, a thaisge, as chugham-sa fíll.
> As le chéile mairfimíd feasda go meidhreach bínn.
> Ag saothrú ar talamh is fearra dhom féin mar shlíghe.
> As ár ndóithin beidh againn chun maireamhaint ann fé chrích.[29]

Léargais ar chúlra agus ar aicme an Annrachánaigh

Ba bhall é Ó hAnnracháin de Chumann na hÉigse, a bunaíodh chun filí agus scoláirí na Gaeilge a thabhairt le chéile. Tar éis roinnt blianta de bheith ag iarraidh nasc níos láidre a bhunú i measc fhilí na Gaeilge, bunaíodh Cumann na hÉigse ar mhaithe le comhoibriú leanúnach a spreagadh agus a chothú eatarthu, chomh maith le litríocht na Gaeilge a chur chun cinn.[30] Ar an 17 Meán Fómhair 1907, i seomra de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí, is ea a bhí an chéad chruinniú oifigiúil de chuid an Chumainn. An tAthair Pádraig Ua Duinnín a bhí ina Uachtarán.

Ba mhinic go mbíodh ceist an aistriúcháin ina ábhar díospóireachta ag cruinnithe an Chumainn, agus ag lucht na hAthbheochana i gcoitinne, dar ndóigh; luann Philip O'Leary go raibh cúrsaí aistriúcháin ina 'source of ongoing contention in the first half-century of the modern Revival.'[31] Feictear sampla den teannas seo i dtuairisc a foilsíodh sa *Freeman's Journal* ar an 4 Lúnasa 1911, ina ndeirtear gur thug Tadhg Ó Donnchadha (Torna) caint uaidh dar teideal 'Translations of Foreign Poetry' ('Aistriúghchán ó Theangthaibh Iasachta'[32]) ag cruinniú de chuid an Chumainn.[33] Le linn na cainte, d'áitigh Torna gur thairbheach an togra é dánta i

---

[26] Ibid.
[27] 'Tréig an Chathair' in *An Claidheamh Soluis*, 16 Nollaig, 1916, Irish Newspaper Archives: 8.
[28] Ibid.
[29] Ibid.
[30] Údair éagsúla (1908) *Saothar Suadha*: *Cuid a hAon*. Muinntir an Ghoill: 3.
[31] Philip O'Leary (2006) 'The Irish Renaissance, 1880–1940: Literature in Irish' in Kelleher & O'Leary (eag.). *The Cambridge History of Irish Literature*. Cambridge University Press: 229.
[32] Tadhg Ó Donnchadha (1912) 'Aistriughchán ó Theangthaibh Iasachta' in *Saothar Suadha: Cuid a Dó*. Muinntir an Ghoill: 4.
[33] 'Battles of the Bards' in *Freeman's Journal*, 4 Lúnasa, 1911, Irish Newspaper Archives: 10.

dteangacha iasachta a aistriú go Gaeilge agus a chur in oiriúnt do na meadarachtaí traidisiúnta Gaelacha. Míníonn Ailbhe Ní Ghearbhuigh ina halt 'Fíon Gearmánach: Torna agus Filíocht na Gearmáinise' gur chreid Torna agus cuid mhaith athbheochanóirí eile gur cheart litríocht na Gaeilge 'a chothú agus a shaibhriú tríd an aistriúchán'.[34] Léigh Torna roinnt dánta ag an ócáid, aistrithe aige féin ón mBreatnais, ón bhFraincis agus ón nGearmáinis. Bhí tuairimí éagsúla ag na baill, áfach, maidir leis an bhfiúntas a bhain leis an aistriúchán, agus is spéisiúil an tuairim a léirigh Ó hAnnracháin i dtaobh na ceiste:

> Peadar O Hannrachain said that those who knew foreign languages and Irish also were not the best writers of Irish. He expressed a fear lest the translation process would swamp the Gaelic spirit in Irish literature.[35]

Ní tuairim neamhchoitianta é an ceann a léiríonn Ó hAnnracháin anseo, atá go mór faoi anáil an náisiúnachais rómánsaigh. Míníonn Gearóid Ó Tuathaigh gur bhain gné spioradálta leis an bhfís den 'Éire Ghaelach' a chuir lucht an náisiúnachais rómánsaigh chun cinn, tuiscint a léiríonn Ó hAnnracháin sa tagairt a dhéanann sé don 'spiorad Gaelach' atá le fáil i litríocht na Gaeilge. Deir Ó Tuathaigh:

> This concept of nationalism […] rested on the assumption that the nation had a personality, a soul, a destiny, which must express itself in music, in art, in language, in the habits and institutions of the people. [36]

Ní miste a thabhairt faoi deara, b'fhéidir, go raibh níos mó i gceist leis an díospóireacht seo ná ceist an aistriúcháin amháin. Tagann ceist na haicme chun cinn nuair a smaoinítear ar na deiseanna oideachais a bhí ar fáil do Chonraitheoirí ar nós Torna; deiseanna nach raibh ar fáil don Annrachánach, ar ndóigh. Ní raibh ach bliain amháin eatarthu; rugadh Ó hAnnracháin in 1873, agus Torna in 1874. Bhí difríochtaí suntasacha eatarthu, áfach, ó thaobh cúlra sóisialta agus oideachais de. Bhí muintir Thorna go maith as i gcomparáid le muintir Annracháin; d'fhreastail Torna ar an meánscoil sa Mhainistir Thuaidh i gCorcaigh, agus ina dhiaidh sin, fuair sé oideachas tríú leibhéal i gColáiste Phádraig, Droim Conrach.[37] Ní raibh teacht ag Ó hAnnracháin ar na deiseanna céanna; níor fhreastail sé ar an meánscoil ná ar an ollscoil. Agus é ag tagairt don gcóras oideachais in Éirinn sa naoú haois déag, deir Joseph Lee gur threisigh an córas céanna deighiltí aicmeacha sa tsochaí:

> The existing educational system was devoted to the defence of the social structure. Secondary schools and universities charged fees which placed them beyond the pockets of most citizens. Entry was effectively restricted to the socially comfortable classes.[38]

Sílim gur léargas tábhachtach é an díospóireacht seo ar chúlra Uí Annracháin, agus ar an tslí a bhféadfadh cúrsaí aicme tionchar a imirt ar a dhearcadh i leith na teanga, na litríochta, agus fhéiniúlacht chultúrtha na hÉireann i gcoitinne. Má chuir cúlra agus oideachas Thorna ar a chumas dul i ngleic le hábhar liteartha i dteangacha éagsúla agus litríocht na Gaeilge a shamhlú mar chuid de ghréasán liteartha an domhain, bhí taithí an Annrachánaigh fréamhaithe i saol na

---

[34] Ailbhe Ní Ghearbhuigh (2022) 'Fíon Gearmánach: Torna agus Filíocht na Gearmáinise' in Ó Donnchú (eag.) *Tintúd-Aistriú: Papers on Translation in Irish Tradition*. Cló Torna: 202–3.
[35] 'Battles of the Bards': 10.
[36] Gearóid Ó Tuathaigh (1975) 'Gaelic Ireland, Popular Politics and Daniel O'Connell' in *Journal of the Galway Archaeological and Historical Society*' 34: 22.
[37] 'Tadhg Ó Donnchadha', ainm.ie. Ar fáil ag: https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=19 [Léite 20/03/2025].
[38] Joseph J. Lee (1989) *Ireland 1912–1985: Politics and Society*. Cambridge University Press: 132.

tuaithe agus ba mhinic gur ar an rud ‘dúchasach’ a bhí sé dírithe, pointe a léiríodh sa chéad chuid den aiste seo.

Is spéisiúil iad na léargais atá le fáil ar mheon an Annrachánaigh i dtaobh cúrsaí aicme ina chuid scríbhneoireachta féin, agus is fiú roinnt samplaí a tharraingt isteach sa phlé ag an bpointe seo. Sa sliocht seo ó *FBAC,* déanann sé trácht ar an uair a cuireadh suas leacht i gcuimhne ar an bhfile Diarmuid na Bolgaí, a luadh níos túisce san aiste seo. Fuair Ó hAnnracháin cuireadh chuig an ócáid a bhí ar siúl i gCill Mocheallóg ar an 7 Iúil 1930, ach míníonn sé an chúis nach raibh sé in ann a bheith i láthair:

> Bhí sórt náire orm a admháil gur fhanas féin i bhfeighil fhéir an lá breágh samhraidh úd nuair a bhítheas ag nochtadh an leachta céadna agus cuireadh fachta agam chun bheith i láthair. Ach is iomdha ceangal ná tuigeann lucht leabhar a bhíonn ar chosaibh an fheirmeora bhoicht. Chífeadh sé, fé mar chonnac-sa an lá san, cúpla acra féir i srathannaibh, agus fear oibre aonair in a fheighil, agus d’fhéachfadh sé ar an spéir agus thiocfadh droch-amhras chuige gur tuar báistighe scamaill áirithe, agus gheobhadh sé píce, agus chromfadh sé ar shaothar, agus dhéanfadh sé iarracht ar dearmhad a dhéanamh ar an litir a bhí fachta aige mar chuireadh don tabhairt amach áirithe seo, dá mhéid a mheas ar an ndream a bheadh páirteach ann.[39]

Tá an sliocht seo suntasach ó thaobh na haicme de, agus is iontach an léargas a thugann sé ar mheon an Annrachánaigh. Faoin tráth sin, bhí Ó hAnnracháin éirithe as a phost mar thimire, agus bhí post faighte aige mar chláraitheoir don Chomhairle Contae. Admhaíonn sé nach raibh an obair chláraithe ‘ró thairbheach’, agus ‘nách fearrde an teanga Gaedhilge é dhéanamh mar is i mBéarla atá na hainmneacha agus an faisnéis eile ins na clar’, ag tabhairt le fios gur phost é a thóg Ó hAnnracháin de bharr riachtanais, seachas ar aon chúis eile.[40] Chomh maith leis sin, bhí sé i mbun feirme dá chuid féin an tráth sin agus é tar éis talamh a cheannach gar don Sciobairín. Tá sé soiléir ón sliocht thuas go raibh náire air gur chaill sé amach ar an ócáid thábhachtach chultúrtha seo toisc é a bheith gafa ina ról mar fheirmeoir. Is spéisiúil an cáineadh a dhéanann sé ar an ‘lucht leabhar’; feictear gur tuigeadh dó gur mhór an difear idir iadsan agus an lucht talmhaíochta, comparáid a dhéanann sé arís is arís eile ina chuid dialann. Chonacthas dó go raibh easpa tuisceana ag an ‘lucht leabhar’ ar an tsaoirse a thugann an t-oideachas foirmiúil don duine. Tá an t-aiféala agus an frustrachas le sonrú go láidir ar an tagairt a dhéanann sé do Mhícheál Ó Cuileanáin, dlúthchara leis a bhí ag dul chuig an ócáid agus a d’iarr ar Ó hAnnracháin dul in éineacht leis:

> Tháinig saghas gráin agam ar an saoghal cruaidh a bhí agam seachas mar bhí ag sgol-mháighistiríbh agus ag a leithéidí, go mbíodh gluaisteáin ag ceolthóireacht dóibh ar bóithribh, pé uair ba mhaith leo, agus ceangal na gcúig gcaol orm-sa de bhárr mo naoi bpáirceanna agus mo bhó agus mo chapaill ghlais.[41]

Is mór idir na híomhánna idéalaithe d’aoibhneas na tuaithe atá le fáil i bhfilíocht Uí Annracháin agus an léargas lom a thugann sé dúinn ar fhírinne a shaoil féin faoin tuath sna sleachta thuas. Dealraíonn sé gur chreid Ó hAnnracháin go bhféadfadh saol an fheirmeora teacht salach ar an saol cultúrtha, saol a raibh an-dúil aige ann, ar ndóigh, agus is cinnte gur ghoill sé seo go mór air ag an am. Is dócha gur fíor, mar a aithnítear in *FBAC*, nach mbeadh ann don leacht in onóir an fhile bhoicht in aon chor gan iarrachtaí an Chonartha agus iarrachtaí fear ar nós Uí

---

[39] Ó hAnnracháin (1944) *Fé Bhrat an Chonnartha*: 201.
[40] PÓH 62 [19/10/1934]: 29.
[41] Ó hAnnracháin (1944) *Fé Bhrat an Chonnartha*: 201–2.

Annracháin.[42] In aiste a foilsíodh in 1891, is spéisiúil mar a thug Eoin Mac Néill, duine de bhunaitheoirí Chonradh na Gaeilge, aitheantas do 'men of little means and much work' mar an dream ba dhíograisí a chuir spéis sa teanga agus ina cur chun cinn. Cáineann sé na 'leisured classes', mar gheall ar a easpa suime sa ghluaiseacht. Cé go n-aithníonn Mac Néill an éagothroime aicme laistigh den Athbheochan san aiste seo, tá paradacsa áirithe i gceist chomh maith; ainneoin gur aithníodh gurbh iad na 'men of little means' a bhí i gcroílár cultúrtha na hAthbheochana an tráth sin, d'fhéadfadh na daoine céanna a bheith imeallaithe mar gheall ar chúiseanna eacnamaíochta, mar a fheicimid sa scéilín thuas.

Mar a luadh níos túisce, ní raibh an deis ag Ó hAnnracháin oideachas iar-bhunscoile ná oideachas tríú leibhéal a bhaint amach. Faightear spléachadh spéisiúil ar smaointe Uí Annracháin ina thaobh sin in iontráil dialainne a scríobh sé ar an 9 Eanáir 1934. Luann Ó hAnnracháin scolaíocht a mhic, Fachtna, agus aithníonn sé gurbh fhearr iad na deiseanna a bhí aige siúd ná mar a bhí aige féin agus é ina bhuachaill. Chomh maith leis an mbród agus an dóchas a léiríonn sé as dul chun cinn Fhachtna, tá rian den aiféala le sonrú ar a chuid focal agus é ag féachaint siar ar a thaithí féin ar an oideachas. Is dealraitheach gur bhraith sé go raibh easpa tacaíochta nó treorach ar fáil dó féin agus é ar scoil, murab ionann agus an tacaíocht a cuireadh ar fáil dá mhac:

> Thosnuig Fachtna ar dul go Scoil Lios a Lotharaigh indé. Tá sé tar éis ráithe a chaitheamh i Scoil Thomás Hosford sa Sciobrín, agus is iongantach an méid fuadair chuir seisean fé. Domhnall Ó Súilleabháin a bheidh á mhúine anois agus is amhlaidh go bhfuil sé ag díriú ar stuidéar speisialta a dhéanamh i gcóir an scrúdaithe a bheidh ann um Cháisg. Tá seans breágh aige seachas mar a bhí agamsa agus me ar scoil. An deamhan duine a mhol dom tabhairt fé aon rud in ao chor ach leanúint a dul ar scoil agus gan stair ná teanga na hÉireann a múineadh dhom.[43]

Tharla gur éirigh go breá le Fachtna sa scrúdú a luann Ó hAnnracháin san iontráil thuas, mar níos déanaí an bhliain chéanna, bronnadh scoláireacht air chun freastal ar Choláiste Chaoimhín, coláiste ullmhúcháin i nGlas Naíon, Baile Átha Cliath a chuir iar-bhunscolaíocht Ghaeilge ar fáil d'ábhair múinteoirí.[44] Lean sé air agus fuair sé oiliúint mar mhúinteoir i gColáiste Naomh Pádraig. Gach seans gur ag tagairt do chóras na monatóirí a bhí Ó hAnnracháin nuair a scríobh sé nár mhol éinne dó 'tabhairt fé aon rud in ao chor' agus é ar scoil. Ba chóras oiliúna é a thug rochtain ar shoghluaisteacht phroifisiúnta do dhaltaí trí dheis a thabhairt dóibh 'to work in national schools and sit a scholarship examination which, if successful, would allow them to progress to a teacher training college.'[45] Gan amhras, deis thábhachtach ab ea é seo do dhaltaí ón gcosmhuintir. Cé gur fhan Ó hAnnracháin sa scoil náisiúnta go dtí go raibh sé ocht mbliana déag d'aois, níor thapaigh sé an deis sin, agus tá le tuiscint ón sliocht thuas gur cheap sé go mbeadh ar a chumas dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh an oideachais fhoirmiúil de dá mba rud é go raibh na struchtúir thacaíochta chuí ar fáil dó ag an am.

Clabhsúr

Ba mhór an meas a bhí ag an Annrachánach ar shaol na tuaithe agus ar scéalta na cosmhuintire, agus is cinnte go raibh ról tábhachtach ag an meas sin ina theacht chun cinn mar athbheochanóir. Cé gur fíor chomh maith gur tháinig an meas sin faoi thionchar an idéalachais, mar atá soiléir óna chuid filíochta, ní féidir a shéanadh go mbíodh caomhnú ghlór na

[42] Ibid.
[43] PÓH 61: 93.
[44] 'Fachtna Ó hAnnracháin', ainm.ie. Ar fáil ag: https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=3019 [Léite 15/07/2025].
[45] Meidhbhín Ní Úrdail (2021) *Pádraig Ó Laoghaire (1870–1896)*: *an Irish scholar from the Béarra Peninsula*. Cumann Staire Bhéarra: 11.

cosmhuintire ar cheann de na clocha ba mhó ar a phaidrín, fiú sular thug sé faoin obair timireachta. Is flúirseach iad na hiontrálacha dialainne óna pheann a dhéanann cur síos ar an suaimhneas intinne a d'fhaigheadh sé ó bheith amuigh faoin tuath, agus ní foláir nó gur bhraith sé ceangal láidir lena áit dúchais. Is cinnte go ndeachaigh rómánsachas na hAthbheochana i bhfeidhm ar na léirithe luatha de shaol na tuaithe a chuir sé chun tosaigh, rud a bhí coitianta i measc athbheochanóirí na tréimhse sin. Is éard atá spéisiúil faoi chás Uí Annracháin, áfach, ná go gcuireann sé léargais ar fáil ar a thaithí saoil féin mar athbheochanóir agus mar fhear tuaithe araon, agus go dtarraingítear aird ar an mbearna a bhí ann idir fís cheannairí na hAthbheochana agus fírinne shaol na cosmhuintire.

Faightear léargas ar chuid de na dúshláin a bhain le saol na tuaithe i gcás Uí Annracháin féin, go háirithe maidir le cúrsaí oideachais. In *Machtnamh Cime*, molann Ó hAnnracháin an fear tuaithe as a bheith lánsásta saol simplí a chaitheamh i mbun feirme, gan a bheith 'ag cuimhneamh ar puinn eile a dhéanamh' ach 'ag fanúint leis an nglaodhach'.[46] Tá rian láidir an rómánsachais ar an léiriú seo, gan amhras. Is suntasach an t-athrú meoin a fheicimid idir an léiriú idéalaithe seo agus an machnamh a dhéanann sé níos déanaí ar na srianta a bhaineann leis an saol céanna. Feicimid an machnamh sin go soiléir sa sliocht faoin ócáid chultúrtha ar chaill sé amach uirthi in 1930 de bharr cúraimí feirme. Is cosúil gur méadaíodh ar thuiscint Uí Annracháin ar na srianta a bhain lena chúlra aicmeach, go háirithe maidir le rochtain ar an oideachas foirmiúil, mar gheall ar athbheochanóirí eile a bhíodh ina thimpeall a raibh oideachas iar-bhunscoile agus ollscoile faighte ag cuid acu.

Agus é ag breathnú siar ar a chuid dialann i bhfad níos déanaí ina shaol, d'fhág Ó hAnnracháin nóta macánta thíos faoin dán 'A Chlanna Maithe Éireann', a pléadh níos túisce san aiste seo. Faoin tráth seo, bhí Ó hAnnracháin tar éis a fheirm sa Sciobairín a dhíol, agus saol na tuaithe in Iarthar Chorcaí a fhágaint ina dhiaidh le haghaidh poist i gCoimisiún na Muc agus an Bhágúin i mBaile Átha Cliath. Blianta tar éis dó an dán a scríobh, ina labhrann sé go díreach le daoine óga na hÉireann: 'ná tréigidh sibh más féidir an tuath-shaoghal go deo',[47] bhreac Ó hAnnracháin an abairt ghonta seo thíos faoi: 'Agus níor leanas den bhóthar a mholas do dhaoinibh eile, foiríor.'[48] San abairt sin, tugtar léargas grinn dúinn, ní hamháin ar na hathruithe a bhí ag teacht ar shaol na tuaithe in Éirinn, ach ar an teannas idir an t-idéalú a deineadh ar shaol na tuaithe le linn na hAthbheochana, agus taithí phearsanta an Annrachánaigh, athbheochanóir ón tuath a raibh air a áit dúchais a thréigean chun tabhairt faoin gcathair agus é 65 bliana d'aois.

FOINSÍ CARTLAINNE

Ó hAnnracháin, P. 'PÓH'. *Cnuasach Pheadair Uí Annracháin*. In: Bailiúcháin Speisialta i Leabharlann Boole, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh: 1, 10, 28, 30, 46, 48, 61, 62.

FOINSÍ IDIRLÍN

www.ainm.ie
www.irishnewsarchives.com

SAOTHAIR A CEADAÍODH

Beatty, A. (2019) 'The Gaelic League and the Spatial Logics of Irish Nationalism' in *Irish Historical Studies.* 43 (163): 55–72.

[46] Peadar Ó hAnnracháin (1933) *Machtnamh Cime*: 175–76.
[47] PÓH 28: 59.
[48] Ibid.

Daly, E. (2008) ‘The Decline of the Irish Language and the Rise of the Gaelic League’ in *Skibbereen and District Historical Society Journal* (*Cumann Staire an Sciobairín is a Cheantar*). 4: 124–49.

Gan Údar (1911) ‘Battles of the Bards’ in *Freeman’s Journal*, 4 Lúnasa 1911, Irish Newspaper Archives: 10.

Lee, J.J. (1989) *Ireland 1912–1985: Politics and Society*. Cambridge: Cambridge University Press.

Mathews, P.J. (2003) *Revival: The Abbey Theatre, Sinn Féin, the Gaelic League and the Co-operative Movement*. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí.

Ní Ghearbhuigh, A. (2013) ‘An Fhrainc Iathghlas? Tionchar na Fraince ar Athbheochan na Gaeilge, 1893–1922’. Tráchtas PhD, Ollscoil na Gaillimhe.

—— (2022) ‘Fíon Gearmánach: Torna agus Filíocht na Gearmáinise’ in Ó Donnchú, K. *Tintúd-Aistriú: Papers on Translation in Irish Tradition.* Corcaigh: Cló Torna: 196–217.

Ní Úrdail, M. (2021) *Pádraig Ó Laoghaire (1870–1896): an Irish scholar from the Béarra Peninsula.* Corcaigh: Cumann Staire Bhéarra.

Nic Eoin, M. (1982) *An Litríocht Réigiúnach*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

Ó Conchubhair, B. (2009) *Fin de siècle na Gaeilge: Darwin, a Athbheochan agus Smaointeoireacht na hEorpa*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

Ó Donnchadha, T. (1912) ‘Aistriughchán ó Theangthaibh Iasachta’ in *Saothar Suadha: Cuid a Dó.* Baile Átha Cliath: Muinntir an Ghoill.

Ó hAnnracháin, P. (1915) ‘Dán ón dTuaith’ in *An Claidheamh Soluis*, 11 Meán Fómhair, 1915, Irish Newspaper Archives, 2.

—— (1916) ‘Tréig an Chathair’ in *An Claidheamh Soluis*, 16 Nollaig, 1916, Irish Newspaper Archives, 8.

—— (1933) *Machtnamh Cime*. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais.

—— (1944) *Fé Bhrat an Chonnartha*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó Torna, C. (2005) *Cruthú na Gaeltachta 1893–1922*. Baile Átha Cliath: Cois Life.

Ó Tuathaigh, G. (1975) ‘Gaelic Ireland, Popular Politics and Daniel O’Connell’ in *Journal of the Galway Archaeological and Historical Society*, 34: 21–34.

O’Leary, P. (2006) ‘The Irish Renaissance, 1880–1940: Literature in Irish’ in Kelleher, M. & O’Leary, P. *The Cambridge History of Irish Literature*. Cambridge: Cambridge University Press: 226–69.

Tymocsko, M. & Ireland, C. (2003) ‘Language and Identity in Twentieth-Century Ireland’ in Tymocsko, M. & Ireland, C. et al. *Éire-Ireland*, 38 (1&2): 4–22.

Údair éagsúla (1908) *Saothar Suadha: Cuid a hAon.* Baile Átha Cliath: Muinntir an Ghoill.

Uí Chollatáin, R. (2004) *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae: 1899–1932.* Baile Átha Cliath: Cois Life.